



---

*Uimhir 26 de 2011*

---

**AN tACHT ÁRACHAIS (LEASÚ), 2011**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

**RIAR NA nALT**

**Alt**

1. Míniú.
  2. Leasú ar alt 1 (míithe) den Phríomh-Acht.
  3. Leasú ar alt 2 (An Ciste Cúitimh Árachais) den Phríomh-Acht.
  4. Íocaíochtaí as an gCiste i leith árachóra dhócmhainnigh.
  5. Aisghairm alt 4 (deontas don Chiste ón Aire) den Phríomh-Acht.
  6. Leasú ar alt 5 (airleacain don Chiste ón Aire) den Phríomh-Acht.
  7. Ranníocaí leis an gCiste.
  8. Aisghairm alt 31 (An Ciste Cúitimh Árachais) den Acht Árachais, 1989.
  9. Cosaint.
  10. Gearrtheideal.
-

[Uimh. 26.] *An tAcht Árachais (Leasú), 2011.* [2011.]

NA HACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

An tAcht Árachais Sláinte, 1994	1994, Uimh. 16
An tAcht Árachais, 1964	1964, Uimh. 18
An tAcht Árachais, 1989	1989, Uimh. 3
An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999	1999, Uimh. 31



---

Uimhir 26 de 2011

---

## AN tACHT ÁRACHAIS (LEASÚ), 2011

[An tiontú oifigiúil]

---

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA ÁRACHAIS, 1964 AGUS AN ACHTA ÁRACHAIS, 1989 CHUN SOCRÚ A DHÉANAMH MAIDIR LE RANNÍOCAÍ LEIS AN gCISTE CÚITIMH ÁRACHAIS AGUS MAIDIR LE hÍOCAÍOCHTAÍ AS AGUS I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[30 Meán Fómhair 2011]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Árachais, Míniú, 1964.

2.—Leasaítear alt 1 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 1  
(mínte) den  
Príomh-Acht.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínte ar “údarú”:

“ciallaíonn ‘údarú’ údarú faoi cheann amháin nó níos mó de na rialacháin údarúcháin;”,

(b) trí na mínte seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínte ar “Acht 1936”:

“ciallaíonn ‘rialacháin údarúcháin’—

(a) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamh-Shaoil), 1976 (I.R. Uimh. 115 de 1976),

(b) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamh-Shaoil) (Leasú) (Uimh. 2), 1991 (I.R. Uimh. 142 de 1991), agus

(c) Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamh-Shaoil), 1994 (I.R. Uimh. 359 de 1994);

ciallaíonn ‘fiontar eisiata’, i ndáil le fiontar faoi pholasaí árachais—

(a) fiontar a bhaineann le hárachú paisinéirí i bhfeithiclí muirí agus eitlíochta, le dliteanas iompróra nó le creidmheas onnmhairiúcháin a thagann faoi réim na n-aicmí seo a leanas den

Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCéad Treoir ón gComhairle 73/239/CEE dar dáta 24 Iúil 1973<sup>1</sup>, eadhon, aicmí 4, 5, 6, 7, 11 agus 12, faoi réim aicmí 1 agus 10 a mhéid a bhaineann siad le hárachú paisinéirí i bhfeithiclí muirí agus eitlíochta agus le hárachas dliteanais iompróra, faoi seach, agus faoi réim aicme 14 a mhéid a bhaineann sí le creidmheas onnmhairiúcháin,

- (b) fiontar a bhfuiltear faoi árachas ina choinne, i gcás go mbaineann an polasaí lena mbaineann le gnó árachais i gceann amháin nó níos mó d'aicmí I, II, III, IV, V, VI, VII, VIII, agus IX d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/83/CE an 5 Samhain 2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>2</sup>,
- (c) fiontar a bhfuiltear faoi árachas ina choinne, i gcás gurb é atá sa pholasaí lena mbaineann conradh árachais sláinte arb ionann a bhaint amach agus gnó árachais sláinte de réir bhrí alt 2(1) den Acht Árachais Sláinte, 1994,
- (d) fiontar a bhaineann le seirbhísí fiacloireachta, i gcás gurb é an t-aon chuspóir atá leis an bpolasaí lena mbaineann foráil a dhéanamh maidir le híocaíochtaí a dhéanamh i ndáil le haisíocaíocht nó urscaoileadh a dhéanamh, go hiomlán nó go páirteach, maidir le táillí nó muirir i leith seirbhísí fiacloireachta a sholáthar, seachas iad sin lena mbaineann gnáthaimh liachta arna ndéanamh ar mhodh seirbhísí ospidéal d'othair cónaithe de réir bhrí alt 2(1) den Acht Árachais Sláinte, 1994,
- (e) fiontar a bhfuiltear faoi árachas ina choinne i gconradh athárachais, de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Athárachas), 2006 (I.R. Uimh. 380 de 2006), nó
- (f) fiontar a bhfuiltear faoi árachas ina choinne, i gcás go raibh, an tráth a eisíodh an polasaí lena mbaineann, ceann acu seo a leanas, de réir mar a bheidh, arna fhionraí nó arna chúlghairm—
  - (i) údarú an árachóra a d'eisigh an polasaí, nó
  - (ii) an t-údarú a dheonaigh an t-údarás i mBallstát eile a bhfuil an dualgas air le dlí an Bhallstáit sin maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí gnóthas árachais sa Bhallstát sin, don árachóir atá údaraithe i mBallstát eile agus a d'eisigh an polasaí;”
- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “árachóir”:

“ciallaíonn ‘árachóir’ gnóthas árachais atá údaraithe chun gnó árachóra neamhshaoil a sheoladh agus foláionn sé gnóthas a ndearna an Banc a údarú a chúlghairm, ach ní fholáionn sé—

<sup>1</sup>IO Uimh. L 228, 16.8.1973, lch. 3.

<sup>2</sup>IO Uimh. L 345, 19.12.2002, lch. 1.

- (a) árachóir atá údaraithe i mBallstát eile, ná
- (b) gnóthas árachais faoi chuing de réir bhrí Airteagal 13 de Threoir 2009/138/CE an 25 Samhain 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>3</sup>,”
- (d) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “árachóir”:
- “ciallaíonn ‘árachóir atá údaraithe i mBallstát eile’ gnóthas árachais dá mbeidh údarú deonaithe, faoi dhlí Ballstáit eile, ag an údarás sa Bhallstát eile sin a bhfuil an dualgas air le dlí an Bhallstáit sin maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí gnóthas árachais sa Bhallstát sin, agus atá údaraithe dá bharr sin chun gnó árachais a sheoladh sa Stát de réir ceann amháin nó níos mó de na rialacháin údarúcháin;”
- (e) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar ‘polasaí’:
- “ciallaíonn ‘polasaí’ aon doiciméad nó scríbhinn eile trína ndéantar conradh árachais nó trína gcomhaontaítear é a dhéanamh nó is fianaise ar aon chonradh den sórt sin;”
- (f) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “polasaí”:
- “ciallaíonn ‘fiontar sa Stát’, i ndáil le fiontar faoi pholasaí árachais, fiontar nach fiontar eisiata ach—
- (a) is fiontar a bhaineann le foirgneamh sa Stát nó, má chumhdaítear foirgneamh agus a inneachar leis an bpolasaí árachais céanna, a bhaineann leis an bhfoirgneamh sa Stát agus leis an inneachar sin,
- (b) is fiontar a bhaineann le feithicil d’aon chineál atá cláraithe sa Stát,
- (c) is fiontar a bhaineann le taisteal nó le laethanta saoire i gcás gur sa Stát a thóg an sealbhóir polasaí an polasaí amach agus gurb é 4 mhí nó tréimhse is lú ná sin ré an pholasaí, nó
- (d) in aon chás eile, mura rud é gurb é atá san fhiontar fiontar a bhaineann le foirgneamh nó lena inneachar atá suite i mBallstát eile, le feithicil atá cláraithe i mBallstát eile nó fiontar a bhaineann le taisteal nó le laethanta saoire i gcás gurb é 4 mhí nó tréimhse is lú ná sin ré an pholasaí agus gur thóg an sealbhóir polasaí an polasaí amach i mBallstát eile agus dá bhrí sin gur fiontar atá suite i mBallstát eile a bheadh san fhiontar, is fiontar arb amhlaidh ina leith—
- (i) más pearsa aonair an sealbhóir polasaí, gur sa Stát atá gnáthchónaí ar an sealbhóir polasaí, nó

<sup>3</sup>IO Uimh. L335 17.12.2009, lch. 1.

- (ii) mura pearsa aonair an sealbhóir polasaí, gur sa Stát atá an bunachas de chuid an tsealbhóra polasaí lena mbaineann an polasaí.”.

Leasú ar alt 2 (An Ciste Cúitimh Árachais) den Phríomh-Acht.

**3.—Leasaítear alt 2 den Phríomh-Acht—**

- (a) i bhfo-alt (6), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) aon suimeanna a íocfar faoi alt 5 nó 6,”,

- (b) i bhfo-alt (6), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (f):

“(f) méideanna dá dtagraítear in ailt 3A(2)(b) agus 3B(2)(c) agus a íocfar leis an gCuntasóir ar an Ard-Chúirt d’fhoirceannadh árachóra nó, de réir mar a bheidh, ar árachóir atá údaraithe i mBallstát eile a fhoirceannadh,”

agus

- (c) i mír (c) d’fho-alt (7), trí “ailt 3, 3A, 3B agus 3C” a chur in ionad “alt 3”.

Íocaíochtaí as an gCiste i leith árachóra dhócmhainnigh.

**4.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 3:**

“Íocaíochtaí as an gCiste. 3.—(1) Faoi réir fhorálacha an ailt seo agus ailt 3A agus 3B, féadfar, le ceadú na hArd-Chúirte, cibé méid nó méideanna a údaróidh an Chúirt sin ó am go ham a íoc le duine as an gCiste, i ndáil le hárachóir atá faoi leachtú, i leith aon suime (seachas suim is iníoctha i leith aisíoc préimhe) atá dlite do dhuine faoi pholasaí a d’eisigh an t-árachóir atá faoi leachtú i leith fiontair sa Stát, mar aon leis na costais agus na caiteachais (más ann) a thabhaigh an duine de riachtanas agus de réir réasúin agus é nó í ag iarraidh íoc na suime a áirithiú.

(2) Ní ordóidh an Ard-Chúirt íocaíocht faoi fho-alt (1) ach amháin más dealraitheach don Ard-Chúirt nach dócha go bhféadfar an t-éileamh a íoc ar shlí seachas ón gCiste.

(3) Ní mó an méid a ordóidh an Ard-Chúirt a íoc le duine i leith suime atá dlite don duine faoi pholasaí ná méid na difríochta idir an tsuim a bheadh dlite don duine faoin bpolasaí agus an tsuim atá dlite fós tar éis sócmhainní an árachóra atá faoi leachtú a úsáid chun cion den tsuim a bheadh dlite thairis sin faoin bpolasaí sin a íoc.

(4) Ní mó an méid iomlán is ceadmhach a íoc as an gCiste faoi fho-alt (1) i leith aon suime atá dlite do dhuine faoi pholasaí (cibé acu mar íocaíocht amháin nó mar an t-iomlán de shraith íocaíochtaí) ná 65 faoin gcéad den tsuim sin, nó €825,000, cibé acu is lú.

(5) I gcás go mbaineann aon suim dá dtagraítear i bhfo-alt (1) le dliteanas an áracháí i leith tríú páirtí, beidh feidhm ag na teorainneacha a fhorordaítear le fo-ailt (3) agus (4) d'íocaíochtaí as an gCiste maidir leis an tsuim is gá chun freastal ar dhliteanas an áracháí i leith an tríú páirtí sin.

(6) Ní ceadmhach méid atá dlite do chomhlacht corpraithe nó do chomhlacht neamhchorpraithe daoine a íoc as an gCiste faoi fho-alt (1) mura mbeidh an tsuim dlite i ndáil le dliteanas an chomhlachta sin i leith pearsan aonair nó i ndáil le dliteanas pearsan aonair i leith an chomhlachta sin.

(7) Más rud é, i gcás suime atá dlite faoi pholasaí, go ndéanann Biúró Mótár-Árachóirí na hÉireann íocaíocht atá comhionann le hiomlán na suime, ní dhéanfar íocaíocht as an gCiste faoin alt seo i leith na suime agus, más rud é, i leith suime den sórt sin, go ndéanann an Biúró sin íocaíocht atá comhionann le cuid den tsuim, ní mó íocaíocht as an gCiste i leith na suime ná méid na suime lúide méid na híocaíochta ón mBiúró sin.

(8) San alt seo, ciallaíonn ‘árachóir faoi leachtú’ árachóir dócmhainneach nó árachóir dócmhainneach atá údaraithe i mBallstát eile a mbeidh leachtaitheoir, nó duine a chomhlíonann feidhm atá coibhéiseach le feidhm leachtaitheora sa Bhallstát lena mbaineann, ceaptha ina leith.

Iarratas ó leachtaitheoir árachóra dhócmhainnigh.

3A.—(1) Féadfaidh leachtaitheoir a cheapfar d'árachóir dócmhainneach iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar cheaduithe i leith na ndaoine lena bhfuil suimeanna iníoctha faoi alt 3 i leith polasaithe arna n-eisiúint ag an árachóir sin.

(2) I gcás méid a íoc as an gCiste faoi alt 3 le leachtaitheoir árachóra dhócmhainnigh i leith suime amháin nó níos mó atá dlite faoi pholasaí amháin nó níos mó arna eisiúint nó arna n-eisiúint ag an árachóir sin agus i leith na gcostas agus na gcaiteachas (más ann) a tabhaíodh i ndáil leis an tsuim nó leis na suimeanna—

- (a) déanfaidh an leachtaitheoir an méid a íoc i leith na suime atá dlite leis an duine a bhfuil sé dlite ina leith, nó, de réir mar a bheidh, an méid a chionroinnt de réir mar a ordóidh an Ard-Chúirt ina ceadú, agus
- (b) beidh an Cuntasóir, maidir leis an méid a íocadh as an gCiste, ina chreidiúnaí nó ina creidiúnaí de chuid an árachóra, agus glacfar leis an méid sin sna himeachtaí le haghaidh an fhoirceanta mar fhiach cruthaithe ar an árachóir, is fiach ag a mbeidh tosaíocht ar aon suim atá dlite fós faoin bpolasaí.

(3) I gcás go bhfaighidh duine a bhfuil suim dlite dó nó di i leith an fhiontair sa Stát méideanna (cibé acu faoin Acht seo nó ar shlí eile agus cibé acu an sa Stát nó in áit eile a fhaightear na méideanna) ar mó iad, ina gcomhiomlán, ná an tsuim sin, ansin—

(a) má íocadh méid leis an duine as an gCiste, déanfaidh an duine, gan mhoill, an bhreis sin a aisíoc leis an gCiste, agus

(b) má ghnóthaíonn an Cuntasóir méid i leith na suime sin sna himeachtaí chun an t-árachóir a fhoirceannadh, ní dhéanfaidh an Cuntasóir méid a gheofar ar scór na n-imeachtaí sin a íoc leis an duine go feadh méid na breise sin ach ina ionad sin íocfaidh sé nó sí an méid sin leis an gCiste.

(4) Aon duine a mhainníonn méid a íoc a cheanglaítear a íoc leis an gCiste faoi fho-alt (3)(a), beidh sé nó sí ciontach i gcion agus—

(a) dlífeair ar é nó í a chiontú go hachomair fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) dlífeair, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) I gcás go ndéanann comhlacht corpraithe cion faoin alt seo agus go gcruthaítear go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúltheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí toiliúla ar thaobh, aon duine ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú sa cháil sin, nuair a rinneadh an cion, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(6) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag fo-alt (5) i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

(7) Féadfaidh an Banc imeachtaí achoimre i leith ciona faoin alt seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh nó féadfar iad a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh thar ceann an Bhainc.



Iarratas i gcás gur árachóir atá údaraithe i mBallstát eile árachóir faoi leachtú.

3B.—(1) I gcás go bhfuil árachóir dócmhainneach údaraithe i mBallstát eile agus go bhfuil duine ceaptha ina leith a chomhlíonann, sa Bhallstát eile lena mbaineann, na feidhmeanna a chomhlíonfadh leachtaitheoir sa Stát dá mba árachóir an t-árachóir dócmhainneach atá údaraithe i mBallstát eile, agus gurb ann do mhéid is iníoctha le duine nó daoine faoi alt 3, ansin—

(a) féadfaidh an Cuntasóir, ó am go ham, ach tráthanna nach minice ná uair amháin i ngach tréimhse 6 mhí, iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar cheaduithe faoin alt sin i leith na ndaoine sin, agus

(b) déanfar méid na gcostas agus na gcaiteachas réasúnach cuí a bhaineann leis an iarratas chun na hArd-Chúirte faoin alt sin a íoc as an gCiste.

(2) I gcás go n-íoctar méid as an gCiste faoi alt 3 leis an gCuntasóir i leith suime atá dlite faoi pholasaí arna eisiúint ag an árachóir atá údaraithe i mBallstát eile—

(a) maidir leis an méid i leith na suime atá dlite, íocfaidh an Cuntasóir é leis an duine ar ina leith atá sí dlite, agus

(b) beidh an Cuntasóir, maidir leis na méideanna a íoctar as an gCiste, ina chreidiúnaí nó ina creidiúnaí de chuid an árachóra atá údaraithe i mBallstát eile.

(3) I gcás go bhfaigheann duine a bhfuil suim dlite dó nó di i leith an fhiontair sa Stát méideanna (cibé acu faoin Acht seo nó ar shlí eile agus cibé acu an sa Stát nó in áit eile a fhaightear na méideanna) ar mó iad, ina gcomhiomlán, ná an tsuim sin, ansin—

(a) má íocadh méid leis an duine as an gCiste, déanfaidh an duine, gan mhoill, an bhreis sin a aisíoc leis an gCiste, agus

(b) má ghnóthaíonn an Cuntasóir méid i leith na suime sin sna himeachtaí chun an t-árachóir atá údaraithe i mBallstát eile a fhoirceannadh, ní íocfaidh an Cuntasóir méid a gheofar ar scór na n-imeachtaí sin leis an duine go feadh méid na breise sin ach ina ionad sin íocfaidh sé nó sí an méid sin leis an gCiste.

(4) Aon duine a mhainníonn méid a íoc a cheanglaítear a íoc leis an gCiste faoi fho-alt (3)(a), beidh sé nó sí ciontach i gcion agus—

- (a) dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) dlífeair, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) I gcás go ndéanann comhlacht corpraithe cion faoin alt seo agus go gcruthaítear go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí toiliúla ar thaobh, aon duine ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú sa cháil sin, nuair a rinneadh an cion, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(6) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag fo-alt (5) i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena fheidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

(7) Féadfaidh an Banc imeachtaí achoimre i leith ciona faoin alt seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh nó féadfar iad a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh thar ceann an Bhainc.

Íocaíochtaí as an gCiste i gcás go gceaptar riarthóir.

3C.—(1) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, féadfar, le ceadú na hArd-Chúirte, na méideanna seo a leanas a íoc as an gCiste le riarthóir árachóra—

- (a) i gcás gurb amhlaidh, i dtuairim an Bhainc, gur bhain 70 faoin gcéad ar a laghad de mheánmhéid ghnó an árachóra lena mbaineann, i gcaitheamh na 3 bliana roimh an riarthóir a cheapadh, le fiontair sa Stát de chuid sealbhóirí polasaí, na méideanna is gá, i dtuairim na Cúirte sin, chun a chumasú don riarthóir gnó an árachóra a sheoladh agus a fheidhmeanna nó a feidhmeanna i ndáil leis an árachóir a chomhlíonadh, nó
- (b) i gcás gurb amhlaidh, i dtuairim an Bhainc, nár bhain 70 faoin gcéad ar a laghad de mheánmhéid ghnó an árachóra lena mbaineann, i gcaitheamh na 3 bliana roimh an riarthóir a cheapadh, le fiontair sa Stát de chuid sealbhóirí polasaí, na méideanna arb éard iad, i dtuairim na Cúirte sin—

(i) na méideanna is gá chun caiteachais an riarthóra i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna i ndáil leis an árachóir a íoc, agus

(ii) na méideanna nach dócha go n-íofar iad ar shlí eile seachas as an gCiste.

(2) I gcás go mbeidh aon suim íoctha as an gCiste le riarthóir de bhun fho-alt (1)—

(a) is fiach neamhurráithe ar an árachóir méid na suime a íocadh, agus

(b) féadfaidh an tAire aon tráth, d'fhonn a éascú gnó an árachóra a chur ar bhonn fóna tráchtála agus airgeadais, an fiach sin ar fad nó cuid de a tharscaoileadh thar ceann an Chiste, ag féachaint go cuí d'aon mhéideanna a bheidh inréadaithe tráth foirceanta an árachóra agus ar aon uiríll arna ndéanamh chuig an Aire ag an riarthóir nó ag aon árachóir eile.

(3) Tar éis riarthóir a cheapadh chuig árachóir, ní bheidh aon díbhinní ná dáiltí eile ar shealbhóirí de chuid an árachóra iníoctha ag an árachóir fad a bheidh aon fhiach atá dlite don Chiste ag an árachóir (gan aon fhiach arna tharscaoileadh faoin alt seo a áireamh) gan íoc.

(4) Le linn don Ard-Chúirt a dlínse a fheidhmiú faoi fho-alt (1), tabharfaidh sí aird ar na nithe seo a leanas—

(a) méid shócmhainní an Chiste an tráth a bheidh an dlínse sin á feidhmiú ag an gCúirt sin,

(b) an méid ioncaim a bhfionnfaidh an Chúirt, an tráth a bheidh an dlínse sin á feidhmiú ag an gCúirt sin, gur ioncam é a fhabhróidh don Chiste tar éis an trátha sin,

(c) méid na suimeanna is iníoctha go cuí as an gCiste, an tráth a bheidh an dlínse sin á feidhmiú ag an gCúirt sin, agus

(d) méid na suimeanna a bhfionnfaidh an Chúirt, an tráth a bheidh an dlínse sin á feidhmiú ag an gCúirt sin, gur suimeanna iad a bheidh iníoctha go cuí as an gCiste tar éis an trátha sin.”.

Leasú ar alt 5  
(airleacáin don  
Chiste ón Aire) den  
Phríomh-Acht.

6.—Leasaítear alt 5(1) den Phríomh-Acht trí “ailt 3, 3A, 3B agus 3C” a chur in ionad “alt 3”.

Ranníocaí leis an  
gCiste.

7.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 6:

“6.—(1) Más rud é, i dtuairim an Bhainc, go bhfuil an Ciste sa riocht gur chóir tacaíocht airgeadais a sholáthar lena aghaidh, cinnfidh an Banc ranníoc cuí a bheidh le hÍoc leis an gCiste ag gach árachóir nó ag gach árachóir atá údaraithe i mBallstát eile, arna ríomh mar chéatadán arna chinneadh ag an mBanc, nach mó ná 2 faoin gcéad, de chomhiomlán na bpréimheanna comhlána a bheidh íoctha leis an árachóir sin nó leis an árachóir sin atá údaraithe i mBallstát eile i leith polasaithe arna n-eisiúint i leith fiontar sa Stát.

(2) I gcás gurb í an tuairim dá dtagraítear i bhfo-alt (1) tuairim an Bhainc, foilseoidh sé fógra ar shuíomh gréasáin arna chothabháil aige, agus déanfaidh sé fógra a sheachadadh ar gach árachóir agus ar gach árachóir atá údaraithe i mBallstát eile, ina sonrú na sonraí seo a leanas:

- (a) an dáta ar a mbeidh agus óna mbeidh oibleagáid ar gach árachóir agus ar gach árachóir atá údaraithe i mBallstát eile an ranníoc cuí a íoc, ar dáta é nach luaithe ná 30 lá tar éis dáta foilsithe an fhógra;
- (b) an céatadán dá dtagraítear i bhfo-alt (1);
- (c) an duine ar leis nó léi a bheidh an ranníoc cuí le hÍoc (dá ngairtear an ‘bailitheoir’ san alt seo).

(3) Maidir le gach ráithe i ngach bliain a mbeidh, faoi fho-alt (2) nó (8), céatadán arna chinneadh, arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin a bheidh á chothabháil ag an mBanc agus i bhfeidhm lena linn, déanfaidh árachóir nó, de réir mar a bheidh, árachóir atá údaraithe i mBallstát eile, cibé acu a bheidh nó nach mbeidh fógra faoi cheann amháin de na fo-ailt sin, nó faoin dá cheann, faighte ag an árachóir sin nó ag an árachóir sin atá údaraithe i mBallstát eile, agus tráth nach déanaí ná an lá deiridh a gceanglófar ar an árachóir sin nó ar an árachóir sin atá údaraithe i mBallstát eile an ráiteas faoi alt 125(2) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 a sheachadadh maidir leis an ráithe sin, nó cibé dáta eile a shocróidh an tAire le hordú más é a thuairim nó a tuairim go mbeadh sé níos éifeachtúla nó níos éifeachtaí déanamh amhlaidh ar mhaithe le riaradh an Chiste—

- (a) ráiteas i scríbhinn a sheachadadh ar an mbailitheoir ina léireofar comhiomlán na bpréimheanna comhlána arna n-íoc sa ráithe sin ag na sealbhóirí ar pholasaithe a d’eisigh an t-árachóir nó an t-árachóir atá údaraithe i mBallstát eile i leith fiontar sa Stát, agus
- (b) an ranníoc cuí arna ríomh de réir an ailt seo a íoc leis an mbailitheoir.

(4) Gan mhoill tar éis ranníoc cuí a fháil faoi fho-alt (3)(b), déanfaidh an bailitheoir—

- (a) an ranníoc sin a tharchur chuig an gCiste tar éis na costais a bhaineann le feidhmeanna a chomhlíonadh faoin alt seo a asbhaint, agus
- (b) na nithe seo a leanas a chur in iúl don Banc—
  - (i) ainm an árachóra, nó an árachóra atá údaraithe i mBallstát eile, a rinne an ranníoc, agus
  - (ii) méid an ranníoca sin.

(5) Déanfaidh an bailitheoir, más dealraitheach don bhailitheoir go ndlíonn árachóir nó árachóir atá údaraithe i mBallstát eile ranníoc cuí a íoc de réir fho-alt (3) ach nach ndearna sé nó sí amhlaidh, ainm agus seoladh an árachóra sin nó an árachóra sin atá údaraithe i mBallstát eile a chur in iúl don Banc.

(6) Más rud é nach mbeidh ranníoc cuí íoctha de réir an ailt seo, féadfaidh an Banc—

- (a) é a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla ón árachóir, nó ón árachóir atá údaraithe i mBallstát eile, ag a bhfuil an ranníoc iníoctha, agus
- (b) ar fhógra nach giorra ná 21 lá a thabhairt don árachóir, nó don árachóir atá údaraithe i mBallstát eile, ag a bhfuil an ranníoc sin iníoctha—
  - (i) i gcás árachóra, a údarú a fhionraí go dtí gur deimhin leis an mBanc go bhfuil gach ranníoc cuí is iníoctha de réir an ailt seo ag an árachóir lena mbaineann íoctha, nó
  - (ii) i gcás árachóra atá údaraithe i mBallstát eile, aon bheart a dhéanamh is cuí leis an mBanc, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás sa Bhallstát sin a bhfuil an dualgas air le dlí an Bhallstáit sin maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí gnóthas árachais sa Bhallstát sin, lena n-áirítear aon bheart lena gcoiscfí ar an árachóir atá údaraithe i mBallstát eile aon pholasaithe árachais a eisiúint i ndáil le fiontair sa Stát go dtí gur deimhin leis an mBanc go bhfuil gach ranníoc cuí is iníoctha de réir an ailt seo íoctha ag an árachóir lena mbaineann atá údaraithe i mBallstát eile.

(7) Tar éis ranníoc cuí a ghnóthú faoi fho-alt (6)(a), déanfaidh an Banc an ranníoc cuí a tharchur chuig an gCiste, tar éis méid na gcostas a bhaineann le feidhmeanna a chomhlíonadh faoin alt seo a íoc leis an mbailitheoir.

(8) Déanfaidh an Banc, tráth nach luaithe ná 60 lá roimh gach lá is cothrom bliana dháta foilsithe an dáta éifeachtaigh iomchuí agus tráth nach déanaí ná gach cothrom bliana den sórt sin, athbhreithniú a dhéanamh ar an riocht ina bhfuil an Ciste chun a chinneadh an bhfuil sé sa riocht gur chóir go leanfaí de thacaíocht airgeadais a sholáthar le haghaidh an Chiste, agus—

- (a) más é tuairim an Bhainc nach gá go leanfaí de thacaíocht airgeadais a sholáthar le haghaidh an

Chiste, déanfaidh an Banc fógra a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin a bheidh á chothabháil aige agus a sheachadadh ar gach árachóir agus ar gach árachóir atá údaraithe i mBallstát eile maidir leis an dáta a scoirfidh an oibleagáid ar gach árachóir agus ar gach árachóir atá údaraithe i mBallstát eile an ranníoc cuí a íoc, nó

(b) más é tuairim an Bhainc gur chóir go leanfaí de thacaíocht airgeadais a sholáthar le haghaidh an Chiste, maidir leis an mBanc—

(i) más é a thuairim go bhféadfaí an tacaíocht airgeadais is gá a sholáthar dá ndéanfaí céatadán is ísle ná an céatadán arna chinneadh ag an mBanc, agus atá i bhfeidhm, de chomhiomlán na bprémheanna comhlána a íoctar leis an árachóir sin nó leis an árachóir sin atá údaraithe i mBallstát eile, i leith polasaithe arna n-eisiúint i leith fiontar sa Stát, a úsáid chun an ranníoc cuí a ríomh, déanfaidh sé céatadán nua a chinneadh agus fógra a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin a bheidh á chothabháil aige agus a sheachadadh ar gach árachóir agus ar gach árachóir atá údaraithe i mBallstát eile, maidir leis an gcéatadán nua agus an dáta ar a mbeidh agus óna mbeidh an céatadán nua le húsáid le linn an ranníoc cuí a ríomh,

(ii) más é a thuairim nach bhféadfaí an tacaíocht airgeadais is gá a sholáthar ach amháin dá ndéanfaí céatadán is airde ná an céatadán arna chinneadh ag an mBanc agus atá i bhfeidhm, de chomhiomlán na bprémheanna comhlána a íoctar leis an árachóir sin nó leis an árachóir atá údaraithe i mBallstát eile, i leith polasaithe arna n-eisiúint i leith fiontar sa Stát, a úsáid chun an ranníoc cuí a ríomh, déanfaidh sé céatadán nua a chinneadh agus fógra a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin a bheidh á chothabháil aige agus a sheachadadh ar gach árachóir agus ar gach árachóir atá údaraithe i mBallstát eile, maidir leis an gcéatadán nua agus an dáta ar a mbeidh agus óna mbeidh an céatadán nua le húsáid le linn an ranníoc cuí a ríomh, nó

(iii) más é a thuairim go bhféadfaí leanúint den tacaíocht airgeadais is gá a sholáthar dá leanfaí den chéatadán arna chinneadh ag an mBanc agus atá i bhfeidhm, de chomhiomlán na bprémheanna comhlána a íoctar leis an árachóir sin nó leis an árachóir sin atá údaraithe i mBallstát eile, i leith polasaithe arna n-eisiúint i leith fiontar sa Stát, a úsáid chun an ranníoc cuí a ríomh, ní gá dó aon ní eile a dhéanamh i ndáil le céatadán den sórt sin a chinneadh go dtí an chéad chothrom bliana eile den sórt sin.

(9) Aon árachóir, nó aon árachóir atá údaraithe i mBallstát eile, nach ndéanann ranníoc cuí de réir fho-alt (3), beidh sé nó sí ciontach i gcion agus—

- (a) dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(10) I gcás go ndéanann comhlacht corpraithe cion faoin alt seo agus go gcruthaítear go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí toiliúla ar thaobh, aon duine ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú sa cháiil sin, nuair a rinneadh an cion, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(11) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag fo-alt (10) i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

(12) Féadfaidh an Banc imeachtaí achoimre i leith ciona faoin alt seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh nó féadfar iad a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh thar ceann an Bhainc.

(13) (a) Déanfaidh an tAire, le hordú, an Banc, na Coimisinéirí Ioncaim nó aon duine eile ag a bhfuil an t-eolas, an saineolas agus an taithí is gá, i dtuairim an Aire, chun feidhmeanna bailitheora a chomhlíonadh faoin alt seo a cheapadh mar bhailitheoir chun críocha an ailt seo.

(b) Más rud é gurb é an Banc a cheaptar le hordú faoi mhír (a) chun bheith ina bhailitheoir, léifear fo-alt (4) agus (5) gan tagairt don bhailitheoir do chur nithe in iúl don Bhanc.

(c) Más rud é gurb iad na Coimisinéirí Ioncaim a cheaptar le hordú faoi mhír (a) chun bheith ina mbailitheoir, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a cheangal go ndéanfar an ráiteas faoi fho-alt (3) a sheachadadh, agus an ranníoc cúí faoin bhfo-alt sin a íoc, i bhformáid leictreonach a shonróidh na Coimisinéirí Ioncaim ó am go ham.

(14) San alt seo—

ciallaíonn ‘dáta éifeachtach’ an dáta a luaitear i bhfógra arna fhoilsiú—

(a) faoi fho-alt (2),

(b) faoi mhír (a) d’fho-alt (8), nó

(c) faoi fhomhír (i) nó (ii) de mhír (b) d’fho-alt (8);

folaíonn ‘préimh’ i ndáil le polasaí arna eisiúint i leith fiontar sa Stát, préimh arna híoc más rud é gur i leith fiontar sa Stát agus i leith fiontar nach fiontair sa Stát araon a eisítear an polasaí;

ciallaíonn ‘ráithe’ tréimhse nach faide ná 3 mhí—

- (a) dar tosach an dáta éifeachtach, nó i ndeireadh na ráithe roimhe sin, cibé acu is déanaí, agus
- (b) dar críoch an 31 Márta, an 30 Meitheamh, an 30 Meán Fómhair nó an 31 Nollaig.”.

Aisghairm alt 31  
(an Ciste Cúitimh  
Árachais) den Acht  
Árachais, 1989.  
Cosaint.

**8.**—Aisghairtear alt 31 den Acht Árachais, 1989.

**9.**—D’ainneoin *alt 4* den Acht seo, maidir le hÍocaíochtaí faoin bPríomh-Acht i leith árachóra dhócmhainnigh ar tosaíodh imeachtaí chun é nó í a fhoirceannadh roimh thosach feidhme an Achta seo, nó i leith árachóra ar ceapadh riarthóir chuige nó chuici roimh thosach feidhme an Achta seo, déanfar iad amhail is dá léifí alt 3 den Phríomh-Acht mar a léadh é roimh *alt 4* den Acht seo a achtú.

Gearrtheideal.

**10.**—Féadfar an tAcht Árachais (Leasú), 2011 a ghairm den Acht seo.